

Preaseisiúint ó FRA

Vín, an 17 Deireadh Fómhair 2018

## **Cabhraigh le deireadh a chur leis an mbochtaineacht leanaí a bhfuil an Eoraip thíos léi**

**Maireann beagnach 25 milliún leanbh san AE i dteaghlaigh ísealioncaim ina bhfuil na dálaí maireachtála do-ghlactha agus ina bhfuil an t-ocras ina ghné choitianta dá saol. Cuireann oideachas agus cúram sláinte easnamhach a gcearta bunúsacha i mbaol, mar aon le deiseanna a bhaint díobh éalú ó thimthriall na bochtaineachta, dar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) sa tuarascáil is déanaí uaithe.**

“Níl aon áit don bhochtaineacht leanaí san Eoraip, agus í ar cheann de na réigiúin is saibhre ar domhan,” a deir [Michael O’Flaherty](#), Stiúrthóir FRA. “Tá sé ar ár n-acmhainn cabhrú le deireadh a chur leis na dálaí uafásacha sin ina maireann an oiread sin de leanaí na hEorpa. Mar sin, tá gá le gníomh anois ionas go gcloífídh an tAE agus na Ballstáit leis na gealltanais uathu seasamh le cearta leanaí, d’fhonn feabhas a chur ar a bhfuil i ndán dóibh.”

Sa tuarascáil, [Combating child poverty: an issue of fundamental rights](#), léirítear go bhfuil leanbh as gach ceathrar faoi bhun 18 mbliana d’aois i mbaol na bochtaineachta nó an eisiata shóisialta ar fud an Aontais. I mBallstáit áirithe, amhail an Rómáin, tá an figiúr sin chomh hard le leanbh as gach beirt. Cé gur féidir leis an mbochtaineacht cur isteach ar gach leanbh, is measa an scéal i measc leanaí Romacha agus leanaí imirceacha; nochtadh i [suirbhé ó FRA](#) go bhfuil an bhochtaineacht mar chuid den saol de níos mó ná 90% de leanaí Romacha i naoi mBallstát.

Cuirtear i bhfáth sa tuarascáil fosta go bhfuil an comhrac in aghaidh na bochtaineachta leanaí mar chuid dena gcearta bunúsacha a bhaint amach. Moltar inti chomh maith na nithe is féidir leis an Aontas agus leis na Ballstáit a dhéanamh chun dul i ngleic leis an bhfadhb:

- Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit na dlíthe agus na beartais atá ann cheana a dhéanamh níos doichte chun caighdeán dhlíthiúla a chomhlíonadh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus faoi Chairt Shóisialta na hEorpa. Chumasódh sé sin dóibh dul i ngleic leis an mbochtaineacht leanaí ar bhealach níos fearr.
- Ba cheart dóibh tús áite a thabhairt do leanaí leochaileacha a chosaint. Ba cheart dóibh scéim ráthaíochta Eorpach do leanaí a bhunú freisin, mar atá molta ag Parlaimint na hEorpa, chun a áirithiú go mbeidh ag gach leanbh teach, aiste bia, cúram sláinte agus oideachas atá ar chaighdeán maith.
- Ba cheart don Aontas an cistiú a thugtar do na Ballstáit a nascadh leis na pleananna agus na bearta atá ar bun chun an bhochtaineacht leanaí agus an éagothroime agus an t-eisiamh sóisialta i measc leanaí a laghdú.
- Ba cheart don Choimisiún Eorpach an bhochtaineacht leanaí agus cearta leanaí a chumhdach sna moltaí tír-shonracha a dhéanfaidh sé tar éis dó buiséid agus beartais na mBallstát a athbhreithniú.

- Chun cabhrú le folláine leanaí a chur chun cinn, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais glacadh a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil i measc tuismitheoirí agus cúramóirí.
- Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit feabhas a chur ar an mbailiú sonraí chun cabhrú le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar dheireadh a chur leis an mbochtaineacht leanaí agus leis an eisiámh sóisialta i measc leanaí.

Sainiúitear sa tuarascáil freisin conas is féidir Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a úsáid chun cabhrú lena áirithiú go mbeidh ag leanaí an ceart go dtabharfaí cosaint ar an mbochtaineacht dóibh. Tugann an díospóireacht faoi threo an chistiúcháin ón Aontas deis eile dúinn cabhrú le leanaí éalú ón mbochtaineacht.

**Le tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil le do thoil le: [media@fra.europa.eu](mailto:media@fra.europa.eu) /  
Teil.: +43 1 580 30 642**